Truailliú an aeir

Coincheap— Truaillíonn sceitheanna ó mhórán foinsí an t-aer

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta – Feasacht agus Cúram Imshaoil
Curaclam Tíreolaíochta – An Comhshaol Nádúrtha

Turgnamh

Beidh gá agat le:
- Téip ghreamaitheach
- Fáiscíní páipéir
- Graf-pháipéar
  (páipéir agus greille air)

1. Gearr an téip ghreamaitheach ina stiallacha beaga (timpeall 6cm ar fhaid).
2. Lúb cúpla fáiscín páipéir i dtreo is gur féidir foirceann amháin a ghreamú den téip ghreamaitheach, agus go mbeidh crúca ar an bhfoirceann eile.
3. Croch na stiallacha sin in áiteanna éagsúla (i seomra ranga, ar thaobh an bhóthair, i gclós súgartha) chun aon ghráinnín tathagach san aer a bhailiú.
4. Tar éis cúpla lá bain na stiallacha anuas agus greamaigh iad ar an ngrafpháipéar.
5. Do gach sampla, úsáid gloine mhéadaithe chun líon na ngráinníní tathagacha i gcearnóg amháin den ghreille a chomhaireamh, ansin cearnóg eile agus ansin an tríú cearnóg.
6. Ríomh meán-líon na ngráinníní in aghaidh na cearnóige.
7. Taifead na torthaí a fuair tú ar an tábla ar dheis.

Dáta	Láthair	Aimsir	Meánlíon na ngráinníní in aghaidh na cearnóige

Cé acu sampla is mó a bhailigh gráinníní?

Tuilleadh Oibre:
D'fhéadfá tréimhse níos sia ama a ghlacadh leis an Turgnamh seo. Faigh amach conas a chuireann an aimsir isteach ar líon na ngráinníní. An mbailítear níos mó gráinníní sa samhradh nó sa gheimhreadh? An mbíonn níos mó díobh ann ag amanna den lá go mbíonn an trácht trom?

Tagann na gráinníní a bhailíonn na stiallacha greamaitheacha óna lán foinsí éagsúla, sceithphíopaí gluaisteán, dó breosla iontaiseach agus saothar tógála san áireamh. Nuair a úsáidimid breosla iontaiseach chun ár gcarranna a rith nó chun an leictreachas a dhéanamh a úsáidimid chun ár mbailte, ár scoileanna agus ár n-oifigí a théamh agus a shoilsiú, féadann truailliú aeir a bheith mar thoradh air.